



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Ceacht: 7 Liathróid Láimhe

Ionad:

Clós na Scoile/Halla ina bhfuil balla cothrom

Trealamh:

Laithrídí láimhe nó liathrídí leadóige, cóin, scidilí

Ceacht 7

Liathróid Láimhe

Snáithaonad : Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim :

Forbairt scileanna na ndaltaí ag láimhseáil na liathróide
Forbairt ar scileanna na ndaltaí ag iompar agus ag bualadh na liathróide

- Preabadh na liathróide
- Liathróid Scidil
- Rás Sealáíochta Liathróide Láimhe

Sraithaonad: Cruthú agus Imirt Cluichí

Spriocanna Curaclaim:

Daltaí ag cumadh agus ag imirt cluichí ina mbeirteanna

- Cluichí le Foirne laghdaithe (2v2)
- Leadóg Liathróide Láimhe

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirthuisicint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Comhrá & forbairt ar scileanna gluaiseachta a bhaineann le cluichí
Forbairt ar stráitéisí chun fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht
Daltaí ag comhlíonadh rialacha simplí cluichí

Nascáil:

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



GAA
Learning



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí:

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirínite do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.pdds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)






Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Liathróid láimhe (nó leadóige) ag gach dalta agus iad scaipthe timpeall an holla/clós



Eagrú

- Socraigh roinnt scidilí ag bun an bhalla
- Ina ngrúpaí, seasadh na daltaí ar aghaidh na scidilí amach, tuairim 5m siar uathu



Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Gníomh 1 – Preabadh na Liathróide

- Gach dalta ag sodar timpeall na cúirte agus an liathróid á preabadh acu
- Ar chomhartha ón múinteoir, ní mór dóibh; iompu agus dul an bealach eile, an liathróid a phreabadh leis an lámh eile, an dá lámh ar a seal, an liathróid a phreabadh idir na cosa, an liathróid a dhruibleáil
- Agus iad ag dul i bhfeabhas, chuir bacanna ina mbealach anseo agus ansiúd



Gníomh 2 - Liathróid Scidile

- Roinn na daltaí ina ngrúpaí, liathróid ag gach dalta
- Déanadh na daltaí iarracht an scidil a leagan agus iad ag caitheamh na liathróide
- Tabhair nóiméad amháin do gach grúpa na scidilí ar fad a bheith leagtha acu
- Agus iad ag dul i bhfeabhas, bain úsáid as an lámh neamhcheannasach



Pointí Teagaisc

- Ardaigh luas na ngníomhartha de réir mar atá an comhordú ag dul i bhfeabhas
- Coinnigh na súile ar an liathróid agus aird ar a bhfuil ag tarlú i do thimpeall
- Na méara le chéile agus ghlac leath-dhúnta nuair a bhíonn an liathróid á bualadh

Pointí Teagaisc

- Cinntigh nach bhfuil aon liathróidí á gcaitheamh agus na scidilí á gcur in eagar
- Scaoil leis an liathróid ag leibhéal na coime

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Leag amach cúrsa bacainní ina bhfuil cóin i líne agus targaid 'cúil' ag a dheireadh
- Ina ngrúpaí, seasadh na daltaí i líne laistiar den chéad chón
- Bíodh roinnt grúpaí beaga le chéile ina bhun ionnas go mbeidh gach duine gníomhach



Eagrú

- Úsáid líne cón chun 'lín' a chruthú a scoiltfidh an limestear imeartha ina dhá chuid
- 2v2, a thaobh féin den 'lín' ag gach foireann



Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Gníomh 3 - Rás Sealáochta Liathróide Láimhe

- Bunaithe ar nós an ráis shealaíochta, déanann na daltaí an liathróid a dhruibleáil idir na cóin agus tugann faoin gcúl
- Fág an tasc níos deacra agus ardaigh an cúl den talamh, rud a fhágfaidh go gcaithfidh na daltaí an liathróid a phreabadh sula mbuaileann siad i dtreo na targaide í leis an lámh



Leadóg Liathróide Láimhe

- Déanann na daltaí iarracht an liathróid a bhualadh os cionn an 'lín', mar a déantar sa leadóg
- Agus an líon trasnaithe ag an liathróid, ní mór don fhoireann eile í a cheapadh sula mbeidh an dara preab déanta aici
- Bíonn pointe ar fáil nuair a phreabann an liathróid faoi dhó i leath na gcéilí comhraic den chúirt
- Fág an cluiche níos éasca trí an liathróid a chaitheamh os cionn an lín
- Fág an cluiche níos deacra trí an liathróid a bhualadh agus a chur ar ais os cionn an lín



Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun an dá lámh a úsáid agus iad ag druibleáil na liathróide ó thaobh go taobh

Pointí Teagaisc

- Buail an liathróid ag leibhéal na coime
- An ceacht a théann leis an gcluiche gur tábhachtaí an buille a chur san áit cheart ná cumhacht
- Buail an liathróid agus na méara dúnta agus cuma glaise ar an lámh

